



<b>Coláiste   Aonad Bainistíochta:</b>	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
<b>Scoil   Aonad:</b>	Seirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris UCD
<b>Teideal an Phoist &amp; Réimse Ábhair</b> <i>(más ábhartha)</i>	<b>Oifigeach Teicniúil (Glacadh Eiseamal)</b>
<b>Fad an Phoist:</b>	12 mhí (painéal 12 mhí)
<b>Grád:</b>	Oifigeach Teicniúil
<b>Bainisteoir Líne</b>	Bainisteoir Saotharlainne
<b>Uimhir Thagartha an Chomórtais</b>	019763
<b>Riarthóir Acmhainní Daonna</b>	Qiong Zhang

### Achoimre ar an bPost:

Tá ról tábhachtach ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas (NVRL) i Seirbhísí Sláinte na hÉireann mar phríomhsheirbhís dhiagnóiseach agus tagartha do chliniceoirí a imscrúdaíonn ionfhabhtuithe víreasacha. Cuireann an tsaotharlann thart ar 120 tástáil ar fáil chun 45 pataigin dhifriúla ar a laghad a dhiagnóisiú agus baineann an t-ualach oibre reatha le 970,000 milliún tástáil in aghaidh na bliana. Cuireann an tSaotharlann seirbhís glaoch chliniciúil agus theicniúil 24/7 ar fáil chun déileáil le riachtanais thástála phráinneacha agus chun tacaíocht a thabhairt don Chlár Náisiúnta Trasphlandúcháin.

Tá an NVRL creidiúnaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) mar Shaotharlann Náisiúnta le haghaidh Póilióivíris, Fliú, Bruitíneach agus Bruitíneach Dhearg. Tá an NVRL creidiúnaithe freisin ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun tabhairt faoi thástáil mar atá sonraithe sa [Sceideal](#) ar a bhfuil an Uimhir Chláraithe 326MT, i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ISO/IEC 15189 3ú hEagrán "*Saotharlanna Leighis - Ceanglais cháilíochta agus inniúlachta*".

Is príomhghníomhaíocht na seirbhíse NVRL é glacadh le heiseamail. Is éard a dhéantar le Glacadh Eiseamal ná an t-ullmhúchán réamhanailíseach samplaí a dhéanamh lena n-áirítear sórtáil, lipéadú agus lártheifniú (nuair is iomchuí) samplaí paiteolaíoch lena n-áirítear fola, múin, Sreabháin Cheirbreadhromlaigh (CSF), faecais agus sreabhán colainne eile chun go seolfar iad chuig na rannóga tástála ábhartha a bhaineann le himscrúduithe víreasacha.

Is é cuspóir an phoist ná chun tús áite a thabhairt don ullmhúchán réamhanailíseach samplaí agus é a chomhordú ar feadh an lae chun a chinntiú go ndéantar eiseamail arna nglacadh a phróiseáil ar dhóigh thráthúil.

### Príomhdualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

#### Scileanna Teicniúla:

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc aronn
- Coinneáil cothrom le dáta le forbairtí teicniúla agus téigh in oiriúint ar theicneolaíochtaí nua

#### Sláinte agus Sábháilteacht:

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn
- A chinntiú go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh chosanta agus éadaí mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá

- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú

#### **Bainistíocht agus Pleanáil:**

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála

#### **Scileanna Idirphearsanta:**

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigte
- Éisteacht le daoine eile agus pléigh leo go híogair agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne

#### **Riachtanais Seirbhíse**

- Cur chuige seirbhíse gairmiúla a léiriú i leith gach gné den obair

#### **Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht**

- Réimsí nuálaíochta a shainithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a choigeartú de réir mar is cuí

#### **Riachtanais Ról Sonracha**

- A chinntiú go gcomhlíonfar leis na heiseamail agus foirmeacha iarratais a thagann isteach na sonraíochtaí a shonraítear sa Lámhleabhar Úsáideora agus sna nósanna imeachta maidir le glacadh eiseamal
- Dualgais a bhaineann le glacadh eiseamal a dhéanamh, lena n-áirítear sórtáil, lipéadú, samplaí a sheoladh chuig na rannóga tástála NVRL ábhartha
- Tús áite a thabhairt don obair agus í a eagrú le linn tréimhsí gnóthacha agus comhordú le rannóga tástála chun a chinntiú go ndéanfar eiseamail arna nglacadh a phróiseáil ar dhóigh thráthúil agus chuí
- Imscrúduithe saotharlainne a dhéanamh ag úsáid ardáin tástála diagnóiseacha sa láthair chúraim, ó nósanna imeachta bunaithe agus ó algartaim chliniciúla
- An Córas Rianaithe Práinneach um Ghlacadh Eiseamal a bhainistiú agus a chinntiú go ndéanfar eiseamail thosaíochta a phróiseáil láithreach bonn
- Atreorú eiseamal a chomhordú le rannóga tástála, fáiltiú agus cúirerí
- Tabhairt faoi fhreagrachtaí breise mar a iarrann an Príomhoifigeach Teicniúil
- Tionscnaimh nua a shainithint a d'fhéadfadh feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse a chuireann an tSaotharlann ar fáil
- Tiomantas a thabhairt do cheanglais ISO 15189 Saotharlanna Leighis - Ceanglais ar leith maidir le Cáilíocht agus Inniúlacht
- A bheith freagrach as cáilíocht a gcuid oibre agus a chinntiú go gcomhlíontar gach reachtaíocht ábhartha, Treoracha AE maidir le Cáilíocht Saotharlainne agus Córas Bainistíochta Cáilíochta an NVRL
- Páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme clár inmheánach agus seachtrach um rialú cáilíochta agus um dhearbhu cáilíochta
- Tuairisciú agus taifeadadh a dhéanamh, i gcomhar, leis an maoirseoir ábhartha, ar aon diallas nó neamhchomhlíonadh a d'fhéadfadh cur isteach ar cháilíocht na seirbhíse NVRL
- Cuspóirí cáilíochta an NVRL a bhaint amach agus a chothabháil
- Meas a léiriú ar fhaisnéis a fhaightear i gcúrsa na ndualgas a chomhlíontar, agus staonadh ó fhaisnéis den sórt sin a nochtadh gan toiliú an fhostaí/othair, nó an duine atá i dteideal gníomhú thar a gceann, ach amháin i gcás ina gceanglaítear nochtadh le dlí nó le hordú Cúirte, nó go bhfuil sé riachtanach ar mhaithe le leas an phobail.
- Páirt a ghlacadh in athbheithniú comhphárteach bliantúil ina gcuimsítear breithniú ar an méid seo a leanas:
  - cuspóirí agus pleananna sonracha na saotharlainne
  - Sainchuntas Poist
  - cuspóirí pearsanta

- riachtanais oiliúna agus forbartha

### **Tuarastal: 95 Technical Officer\_2013 (7915) €48,239 - €63,177 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a aithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

### **Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

### **Éigeantach:**

- Céim Onóracha (do dhaoine aonair a chuir tús lena n-oideachas in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma CNCO (NCEA) nó a chomhionann (do dhaoine aonair a chuir tús lena n-oideachas in UCD roimh mhí na Samhna 2006)
- Scileanna láidre eagair, cumarsáide agus idirphearsanta
- Cumas oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne
- Cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird á thabhairt ar mhionsonraí
- Scileanna maithe idir scríobh agus labhairt a léiriú
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hobair shaotharlainne
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde
- Taithí ar oibriú i dtimpeallacht oideachasúil
- Scileanna idirphearsanta den scoth agus cumas idirghníomhú go héifeachtach le gach leibhéal ball foirne agus mac léinn
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas cabhrú le hathruithe a chur i bhfeidhm in eagraíocht atá ag teacht chun cinn
- Taithí roimhe seo ar oibriú i saotharlann dhiagnóiseach
- Eolas ar Chórais Faisnéise Saotharlainne
- Cur amach láidir ar Chreidiúnú Saotharlainne (ISO15189)
- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú a léiriú.

### **Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe UCD**

Ní mór duit an critéir cuí don ról a roghnú agus a chur san áireamh faoin gcuid éigeantach den Sainchuntas Poist. Chun tuilleadh eolais agus sonraí a fháil faoi "leibhéil choibhéseacha" na Dáimhe agus na foirne eile, déan teagmháil le do Chomhairleoir Acmhainní.

- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú a léiriú.

#### Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ag obair i dtimpeallacht saotharlainne nó ceardlainne
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Ballraíocht a bheith agat nó a bheith incháilithe do bhallraíocht in Acadamh Eolaíochta na Saotharlainne Míochaine (MAMLS) nó a chomhionann

#### **Eolas Breise:**

An Ollscoil:	<a href="https://www.ucd.ie/">https://www.ucd.ie/</a>
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	<a href="https://strategy.ucd.ie/">https://strategy.ucd.ie/</a>
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	<a href="#">UCD National Virus Reference Laboratory</a>
An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:	<a href="#">UCD College of Health and Agricultural Sciences</a>
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	<a href="https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/">https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/</a>

#### **Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir AD sannta.

Ainm:	Deirdre Burke
Teideal:	Bainisteoir Saotharlainne
Seoladh r-phoist:	Deirdre.Burke@ucd.ie
Fón:	01-7161328